

## **Cuntas Leithreasa 2022**

---

### **Vóta 23**

### **An tÚdarás Clárúcháin Maoine**

---

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Thailte Éireann, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa le haghaidh Vóta 23 a ullmhú, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais sin, d'ullmhaigh mé an cuntas faoi iamh ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 ar thuarastail agus costais an Údaráis Clárúcháin Maoine.

Cuirtear an toradh caiteachais i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2022, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlítear barrachas €3.168 milliún a géilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

### ***Díscaoileadh an Údaráis Clárúcháin Maoine***

Is é Cuntas Leithreasa 2022 an Cuntas Leithreasa deiridh don Údarás Clárúcháin Maoine (ÚCM). Mar thoradh ar an Acht um Thailte Éireann, 2022, a achtaíodh i mí na Nollag 2022, bunaíodh Tailte Éireann an 1 Márta 2023. Díscaoileadh an tÚdarás Clárúcháin Maoine ar an dáta sin agus aistríodh na sócmhainní, na cearta, na dualgais agus na baill foirne uile chuig Tailte Éireann. Go dtí dáta an díscaoilte, bhí Oifigeach Cuntasaíochta an Údaráis Clárúcháin Maoine freagrach as a chinntiú go ndearnadh córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a chothabháil agus a oibriú.

## Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chuntasaíochta chaighdeánacha maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe i gclárán 22 de 2022, i bhfeidhm agus an cuntas á ullmhú.

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

### ***Freagracht as an gcóras rialaithe airgeadais inmheánaigh***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an tÚdarás córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Rinneadh an fhreagracht sin a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus i gcomhthéacs mo chuid oibleagáidí eile mar Phríomhfheidhmeannach ar an Údarás. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaítear idirbhearta agus go gcuirtear i dtaifead mar is ceart iad, agus go gcoiscítear earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil. Ba phróiseas leanúnach é an córas rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus rinneadh athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

Ba mar a leanas a bhí an staid maidir leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, leis an gcreat um nósanna imeachta riaracháin, le tuairisciú bainistíochta agus le hiniúcháireacht inmheánach san Údarás Clárúcháin Maoine go dtí an díscaoileadh an 28 Feabhra 2023.

### ***Seirbhísí comhroinnte***

Sholáthair an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (Vóta 18) acmhainní párolla agus acmhainní daonna ar bhonn seirbhíse comhroinnte. Chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí maidir le ceanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir an Oifig seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte maidir le seirbhísí comhroinnte a sholáthar.

Bhí mé ag brath ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá gur feidhmíodh na rialuithe cuí le linn seirbhísí comhroinnte a sholáthar don Oifig seo.

Ina theannta sin, bhí mé ag brath ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Dlí agus Cirt á rá go bhfeidhmítear na rialuithe cuí le linn seirbhísí comhroinnte airgeadais a sholáthar don Oifig seo. Chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí maidir le ceanglais an chomhaontaithe seirbhíse idir an Oifig seo agus an Roinn Dlí agus Cirt maidir le seirbhísí comhroinnte airgeadais a sholáthar.

### ***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go raibh timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina raibh na gnéithe seo a leanas.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal inar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomhaíocht cheartaitheach chuí a chinntiú.
- Bhí Coiste Iniúcháireachta ann chun comhairle a chur orm maidir le mo fhreagrachtaí as an gcóras rialaithe airgeadais inmheánaigh a chomhlíonadh.
- Taifeadadh nósanna imeachta maidir le gach príomhphróiseas gnó.
- Bhí córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

### ***Éilimh ar chúitimh***

D'fheidhmigh an tÚdarás Clárúcháin Maoine córas teidil lenar tugadh ráthaíocht Stáit do shealbhóir an teidil. Tá an Stát faoi cheangal aon duine a fhulaingíonn caillteanas trína bheith ag brath ar an gclár a shlánú. I ngnáthchúrsa a ghnó, fuair an tÚdarás éilimh chúitimh faoi Alt 120 den Acht um Chlárú Gníomhas agus Teidil, 1964. D'fhéadfadh éilimh teacht chun cinn mar gheall ar earráid, brionnú nó calaois maidir le clárú teidil.

Cuireadh creat frithchalaoise chun feidhme, arb é an aidhm a bhí leis nochthead do chalaois agus caillteanais ó chalaois in aghaidh na gclár a íoslaghdú. Threoraigh an creat sin cur chun feidhme na straitéise maidir le sláine na gclár a chothabháil, cearta maoine cláraithe a chosaint agus acmhainní poiblí a chosaint.

Tá achoimre ar íocaíochtaí a rinneadh faoi Alt 120 den Acht um Chlárú Gníomhas agus Teidil, 1964, leagtha amach i Nóta 6.1 a ghabhann leis na cuntais.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithscaradh dualgas agus córas tarmiligin agus cuntasachta agus, go háirithe

- go raibh córas cuí buiséadaithe i bhfeidhm lena mbaineann buiséad bliantúil ar a ndearna an lucht ardbhainistíochta athbhreithniú ar bhonn rialta,
- go ndearna an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais ina léirítear feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le feidhmíocht thuartha
- gur oibríodh córas bainistíochta riosca laistigh den Údarás
- go raibh córais ann a bhí dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- go raibh treoiríníte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus na disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadal ann

***Iniúcháireacht inmheánach agus an Coiste Iniúcháireachta***

Deimhním go raibh feidhm iniúcháireachta inmheánaí ag an Údarás, le pearsanra a bhí oile go cuí, a d'fheidhmigh de réir cairt scríofa a bhí faofa agam. Chuaigh anailís ar na rioscaí airgeadais sin a bhí os comhair an Údaráis i bhfeidhm ar a cuid oibre agus bhí a cuid pleananna bliantúla iniúcháireachta inmheánaí, a bhí faofa agam féin, bunaithe ar an anailís sin. Bhí sé d'aidhm ag na pleananna sin na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. Rinne mise agus an Coiste Iniúcháireachta athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúcháireachta inmheánaí. Chuir mé na nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go ndearnadh obair leantach ar thuarascálacha na feidhme iniúcháireachta inmheánaí.

***Soláthar***

Dearbhaím gur chinntigh an tÚdarás go raibh fócas cuí ann ar dhea-chleachtas i gceannach agus go raibh nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh na dtreoiríníte ábhartha go léir a chinntiú.

Tá mionsonraí maidir le trí chonradh neamhiomaíocha sa tuairisceán bliantúil i leith chiorclán 40/2002 curtha ar fáil ag an Údarás don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

***Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair***

Chomhlíon an tÚdarás na treoiríníte cé is moite de chonradh amháin (de bhreis ar €25,000), arbh fhiú €144,000 é (gan CBL a áireamh), ar cuireadh síneadh leis go dtí go gcuirfí conradh nua i bhfeidhm. Dearbhaítear go bhfuil conradh nua i bhfeidhm anois.

Áiríodh na conarthaí thuas sa tuairisceán bliantúil faoi chiorclán 40/2002 dá dtagraítear thuas.

***Creat riosca agus rialaithe***

Chuir ÚCM córas bainistíochta riosca i bhfeidhm lenar sainaithníodh agus lenar tuairiscíodh príomhrioscaí agus na bearta bainistíochta a bhí á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú.

I gclár rioscaí, sainaithníodh na príomhrioscaí a bhí roimh an Údarás agus rinneadh iad a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Rinne an Bord Bainistíochta athbhreithniú agus uasdátú ar an gclár ar bhonn ráithiúil. Úsáideadh torthaí na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go ndéantaí rioscaí a bhainistiú de réir leibhéal inghlactha.

Leagadh amach sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha is gá chun rioscaí a mhaolú agus sannadh ann freagracht as feidhmiú na mbeart rialaithe sin do bhaill shonracha den fhoireann.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh agus don Bhord Bainistíochta, nuair is cuí, ar bhealach tráthúil. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh shainitheanta a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Deimhním go raibh nósanna imeachta i bhfeidhm ag ÚCM chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta um bainistíocht riosca agus rialú. Bhí monatóireacht agus athbhreithniú ÚCM ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar obair na n-íniúcháirí inmheánacha agus seachtracha agus na ndaoine de lucht bainistíochta ÚCM a bhí freagrach as forbairt agus cothabháil a dhéanamh ar an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais.

***Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Níor sainaithníodh aon laigí sa rialú inmheánach airgeadais i ndáil le 2022 a raibh caillteanas ábhartha mar thoradh orthu nó a bhféadfadh caillteanas ábhartha a bheith mar thoradh orthu.

**Liam O'Sullivan**  
Oifigeach Cuntasaíochta  
An tÚdarás Clárúcháin Maoine

13 Meán Fómhair 2023

## **Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

### **Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais**

#### **Vóta 23 An tÚdarás Clárúcháin Maoine**

##### **Tuairim faoin gcuntas leithreasa**

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 23 An tÚdarás Clárúcháin Maoine don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2022 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáлтаis agus an caiteachas a bhain le Vóta 23 An tÚdarás Clárúcháin Maoine don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2022, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

##### ***Bonn faoin tuairim***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúcháireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Níl baint ná páirt agam le An tÚdarás Clárúcháin Maoine agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

##### **Tuarascáil ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile**

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta san aguisín leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus MacCárthaigh**

Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

18 Meán Fómhair 2023

## Aguisín leis an tuarascáil

### Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act 1866
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Tá sé mar chuspóir agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnach a fháil ar cé acu atá nó nach tá an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe. Mar sin féin, ní deimhniú é gur i ngach cás ina bhfuil sé ann a aimseofar míráiteas ábhartha le linn iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúcháireacht. Is féidir le míráitis teacht as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más amhlaidh ina n-aonar nó mar chomhiomlán a d'fhéadfaí a bheith ag súil leis le réasún go rachadh siad i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúcháireacht, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinnim sceipteachas gairmiúil ar bun ar fud an iniúchta. Le linn déanamh amhlaidh,

- Déanaim sainaithint agus measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha sna cuntas leithreasa, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis; ceapaim nósanna imeachta iniúcháireachta atá freagrúil do na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bunús a thabhairt do mo thuairim. Is airde an baol nach mbraithe míráiteas ábhartha de bharr calaoise ná de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar an rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.

- Gnóthaím tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúcháireachta a cheapadh atá oiriúnach do na cúinsí. Ní dhéanaim amhlaidh, áfach, chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus le fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnamh shuntasacha i rialú inmheánach a shainithním le linn m'iniúchta, i measc ábhair eile.

Tuairiscím trí eisceacht i gcás gurb amhlaidh, i mo thuairimse,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

### Tuairisciú ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca leis an iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúcháireacht an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más amhlaidh, bunaithe ar an obair a rinne mé, go gcinnim go ndearnadh míráiteas ábhartha, ceanglaítear orm an fóras sin a thuairisciú.

### Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna tuarascálacha iniúcháireachta ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

## Vóta 23 An tÚdarás Clárúcháin Maoine

## Cuntas Leithreasa 2022

|                                                             |                      | 2022          | 2021          |
|-------------------------------------------------------------|----------------------|---------------|---------------|
|                                                             | Soláthar meastacháin | Toradh        | Toradh        |
|                                                             | €000                 | €000          | €000          |
| <b>Caiteachas an chláir</b>                                 |                      |               |               |
| A Clárlann na Talún agus Clárlann na nGníomhas a bhainistiú |                      |               |               |
| Soláthar meastacháin                                        | 35,131               |               |               |
| Géilleadh iarchurtha                                        | 100                  |               |               |
|                                                             |                      | 35,231        | 32,095        |
|                                                             |                      |               | 31,108        |
| <b>Ollchaiteachas</b>                                       |                      | <b>35,231</b> | <b>32,095</b> |
| Lúide                                                       |                      |               |               |
| B Leithreasaí-i-gcabhair                                    |                      | <b>660</b>    | <b>692</b>    |
|                                                             |                      |               |               |
| Soláthar meastacháin                                        | 34,471               |               |               |
| Géilleadh iarchurtha                                        | 100                  |               |               |
| <b>Glanchaiteachas</b>                                      |                      | <b>34,571</b> | <b>31,403</b> |
|                                                             |                      |               | <b>30,448</b> |

**Barrachas**

Dlítear barrachas na suime a soláthraíodh os cionn na glansuime a caitheadh a ghéilleadh don Stáitchiste. Faoi alt 91 den Acht Airgeadais, 2004, féadfar na leithreasaí neamhchaite go léir nó cuid díobh do sheirbhísí caipítíl a thabhairt anonn lena gcaitheamh an bhliain dár gcionn.

|                               | 2022             | 2021             |
|-------------------------------|------------------|------------------|
|                               | €                | €                |
| Barrachas                     | 3,167,626        | 2,033,146        |
| Géilleadh iarchurtha          | —                | (100,000)        |
| <b>Barrachas le géilleadh</b> | <b>3,167,626</b> | <b>1,933,146</b> |

**Liam O'Sullivan**Oifigeach Cuntasaíochta  
An tÚdarás Clárúcháin Maoine

13 Meán Fómhair 2023



## Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

### Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2022

|                                                    | 2022          | 2021          |
|----------------------------------------------------|---------------|---------------|
|                                                    | €000          | €000          |
| Pá                                                 | 27,537        | 26,747        |
| Neamhphá                                           | 4,558         | 4,361         |
| <b>Ollchaiteachas</b>                              | <b>32,095</b> | <b>31,108</b> |
| <i>Lúide</i>                                       |               |               |
| <b>Leithreasaí-i-gcabhair</b>                      | <b>692</b>    | <b>660</b>    |
| <b>Glanchaiteachas</b>                             | <b>31,403</b> | <b>30,448</b> |
| <b>Athruithe ar shócmhainní caipitil</b>           |               |               |
| Ceannacháin airgid thirim                          | (132)         |               |
| Dímheas                                            | 876           |               |
|                                                    | 744           | (215)         |
| <b>Athruithe ar ghlansócmhainní reatha</b>         |               |               |
| Méadú ar fhabhruithe deiridh                       | 121           |               |
| Laghdú ar fhardail                                 | 139           |               |
|                                                    | 260           | (144)         |
| <b>Caiteachas díreach</b>                          | <b>32,407</b> | <b>30,089</b> |
| <b>Caiteachas a tabhaíodh in áit eile</b>          |               |               |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | 11,144        | 9,046         |
| Measchíosanna                                      | 2,279         | 2,279         |
| <b>Glanhostas an chláir</b>                        | <b>45,830</b> | <b>41,414</b> |

#### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Is éard atá i suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara na suimeanna seo a leanas i dtaca le Vóta 23 a tabhaíodh in áit eile.

|                                                                     | 2022          | 2021         |
|---------------------------------------------------------------------|---------------|--------------|
|                                                                     | €000          | €000         |
| Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir                             | 9,900         | 8,060        |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí                                  | 1,092         | 841          |
| Vóta 18 An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte                | 55            | 51           |
| Vóta 24 Dlí agus Ceart - An tIonad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais | 97            | 94           |
|                                                                     | <b>11,144</b> | <b>9,046</b> |

**Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2022**

|                                    | <b>Nóta</b> | <b>2022<br/>€000</b> | <b>2021<br/>€000</b> |
|------------------------------------|-------------|----------------------|----------------------|
| <b>Sócmhainní caipitil</b>         | 2.1         | 2,625                | 3,382                |
| <b>Sócmhainní reatha</b>           |             |                      |                      |
| Banc agus airgead tirim            | 2.2         | 1,258                | 1,514                |
| Fardail                            | 2.3         | —                    | 139                  |
| Réamhíocaíochtaí                   | 2.4         | 692                  | 680                  |
| Ioncam fabhraithe                  |             | 1                    | 7                    |
| Iarmhéideanna dochair eile         | 2.5         | 162                  | 79                   |
| <b>Iomlán na sócmhainní reatha</b> |             | <b>2,113</b>         | <b>2,419</b>         |
| <b>Lúide dliteanais reatha</b>     |             |                      |                      |
| Costais fhabhraithe                | 2.6         | 356                  | 242                  |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile     | 2.7         | 1,315                | 1,462                |
| Glanmhaoiniú Státchiste            | 2.8         | 105                  | 131                  |
| <b>Iomlán na ndlíteanas reatha</b> |             | <b>1,776</b>         | <b>1,835</b>         |
| <b>Glansócmhainní reatha</b>       |             | <b>337</b>           | <b>584</b>           |
| <b>Glansócmhainní</b>              |             | <b>2,962</b>         | <b>3,966</b>         |
| <b>Arna léiriú ag:</b>             |             |                      |                      |
| <b>Cuntas maoinithe stáit</b>      | 2.9         | <b>2,962</b>         | <b>3,966</b>         |

## 2.1 Sócmhainní caipitil

|                                             | Trealamh<br>oifige agus<br>TF | Troscán<br>agus<br>feistis | Sócmhainní<br>atá á<br>bhforbairt | Iomlán       |
|---------------------------------------------|-------------------------------|----------------------------|-----------------------------------|--------------|
|                                             | €000                          | €000                       | €000                              | €000         |
| <b>Ollsócmhainní</b>                        |                               |                            |                                   |              |
| Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2022      | 34,152                        | 3,734                      | 2,181                             | 40,067       |
| Breiseanna                                  | 106                           | —                          | 13                                | 119          |
| Sócmhainní a cuireadh in úsáid              | 2,194                         | —                          | (2,194)                           | —            |
| Diúscairtí                                  | —                             | (25)                       | —                                 | (25)         |
| Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2022    | 36,452                        | 3,709                      | —                                 | 40,161       |
| <b>Dímheas carntha</b>                      |                               |                            |                                   |              |
| Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2022        | 33,041                        | 3,644                      | —                                 | 36,685       |
| Dímheas don bhliain                         | 855                           | 21                         |                                   | 876          |
